An Roinn Caiteachais Phoiblí
agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Scéim Teanga

2015 – 2018

faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Caibidil 1: An Cúlra

1.1 Réamhrá

Is í seo an chéad Scéim Teanga atá ullmhaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (“an tAcht”).

Forálann Alt 11 den Acht sin d’ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

1.2 Cur Chuige maidir le Forbairt na Scéime

Bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Iúil 2011. Tá an Cheanncheathrú agus Oifigí Aireachta na Roinne i dTithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Is é Brendan Howlin, Uasal, TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus is é Simon Harris, Uasal, TD, an tAire Stáit do Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus d’Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá défheidhm ag an Roinn; caiteachas poiblí a rialú agus ár mbuiséid a chur ar bhóthar inbhuanaithe arís, agus na hathchóirithe atá riachtanach a chinntiú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an Rialtas agus an earnáil phoiblí. Tá feidhmeanna na Roinne leagtha síos san Acht Airí agus Rúnaithe (Leasuithe) 2011.

Rinneadh forbairt ar an scéim seo le cur chuige caighdeánach a leagan amach ar fud na Roinne i ndáil le hoibleagáidí maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh, ag tabhairt san áireamh an méid atá praiticiúil agus an méid is féidir a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn. Cuireann an Scéim leis na leibhéil seirbhíse atá laistigh den Roinn cheana féin

agus le prionsabail Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Is faoi bhainistíocht shinsearach na Roinne a bheidh an fhreagracht monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

I dtéarmaí cur chuige sonrach i leith forbairt na Scéime seo foilsíodh fógra i mí na Bealtaine 2014 faoi Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Chuir na tuairimí a fuarthas ón fhoireann eolas ar fáil don scéim le linn tréimhse chomhairliúcháin na Roinne. Ba mhaith leis an Roinn buíochas a ghlacadh leo siúd a thóg am le bheith rannpháirteach sa phróiseas tábhachtach seo.

Áirítear ar an scéim freisin tiomantas le measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus lena chinntiú go leanfaidh an Roinn ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach beartaithe, comhleanúnach ina mbeidh teacht ag daoine air. Leanfaidh an Roinn leis an leibhéal éilimh ar a cuid seirbhísí trí Ghaeilge a thomhas trí iniúchtaí rialta a dhéanamh ar leibhéal na gceisteanna/iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chinneadh laistigh de thréimhse áirithe ama.

1.3 Dáta tosach feidhme na Scéime

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim le héifeacht ón **21 Deireadh Fómhair 2015.** Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh Scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forléargas ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

2.1 Misean agus Spriocanna

Bunaíodh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Iúil 2011 agus tá a misean, mar atá léirithe ina *Ráiteas Straitéise 2011 – 2014*, mar a leanas:

Fónamh dár dtír, dá pobal agus don Rialtas trí chaiteachas poiblí spriocdhírithe agus dea-bhainistithe a sheachadadh, a chuirfear ar fáil trí sheirbhísí poiblí nuachóirithe a bheidh éifeachtach agus freagrach.

Tá ról lárnach ag an Roinn i bhfeidhmiú beartais Rialtais agus i gcomhairle agus tacaíocht a thabhairt don Rialtas maidir le bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas poiblí ag leibhéil níos inbhuanaithe chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmíocht eacnamaíochta agus dul chun cinn sóisialta an Stáit agus do bhainistíocht agus d'fhorbairt fhoriomlán na seirbhíse poiblí.

2.2 Struchtúr Eagraíochtúil na Roinne

Tá an Roinn, a ndéanann dhá Rannóg eile nó níos mó an chuid is mó dá cuid gníomhaíochta ar bhonn comhoibríoch, comhdhéanta den Bhord Bainistíocht, Oifig an Aire agus na Rannáin seo a leanas:

- Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus ríomh Rialtais
- Bainistíocht agus Meastóireacht an Bheartais Chaiteachais
- Aonad Athchóirithe Rialtais
- An Margadh Saothair agus Beartas Fiontraíochta
- Oifig Athchóirithe agus Seachadta & an Príomhoifigeach Oibríochta
- Luach Saothair, Caidreamh Tionsclaíoch agus Pinsin
- Bainistiú Caiteachais, Beartas AE & Iniúchadh
- An Oifig um Sholáthair Rialtais
- An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Chomh maith leis na Rannóga thuas, tá Bainisteoir Acmhainní Daonna sa Roinn freisin agus corpraíonn sí Oifig an Phríomhoifigigh Leighis freisin. Is féidir cairt bhainistíochta atá

cothrom le dáta agus tuilleadh eolais maidir le réimsí feidhme na Roinne a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne: www.per.gov.ie.

2.3 Custaiméirí na Roinne

I measc phríomhchustaiméirí na Roinne tá an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tAire Stáit, an Rialtas agus an tOireachtas, trína ndéanann sí freastal ar an bpobal i gcoitinne agus ar a gcuid ionadaithe tofa, chomh maith le Ranna Rialtais eile, foireann atá ag fónamh agus foireann na seirbhíse poiblí atá ar scor. Ní mór don Roinn aird chuí a thabhairt freisin ar thuairimí raon leathan leasanna i bhfoirmliú comhairle, lena n-áirítear, comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe gnó agus earnála, fóraim agus institiúidí taighde, an AE agus comhlachtaí idirnáisiúnta chomh maith le tuairimí agus ionchais na sochaí i gcoitinne. Táimid tiomanta do chothabháil agus feabhas a chur ar sheachadadh ardchaighdeán seirbhíse dár gcustaiméirí sa timpeallacht dhúshlánach atá againn i láthair na huaire.

Bainfidh na hardchaighdeáin seirbhíse do chustaiméirí a nglacann an Roinn leo maidir le soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí leis na seirbhísí sin freisin a bhfuil an Roinn tiomanta a sheachadadh i nGaeilge faoin Scéim seo.

Caibidil 3: Tiomantas i leith Seirbhís a Sheachadadh trí Ghaeilge

Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus faoina Cairt Chustaiméirí tiomanta gach iarracht a dhéanamh freastal ar a cuid custaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Is é ról lárnach na Roinne, mar atá luaite i gCaibidil 2, beartas Rialtais a fheidhmiú agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Rialtas chun bainistiú a dhéanamh ar chaiteachas poiblí agus ar bhainistíocht agus ar fhorbairt fhoriomlán na seirbhíse poiblí. Níl leibhéal ard de theagmháil dhíreach ag an Roinn le, agus ní sholáthraíonn sí scéimeanna ná seirbhísí go díreach do, dhaoine ón bpobal i gcoitinne nuair a thógtar nádúr a cuid feidhmeanna agus a cuid oibre san áireamh.

Soláthraíonn an Roinn seirbhísí go príomha trí Bhéarla, agus cuirtear seirbhísí teoranta ar fáil sa dá theanga.

Cuirfear óráidí nó ráitis, lena n-áirítear iad siúd a thugtar san Oireachtas, a thugann Airí, chomh maith le hóráidí a thugann oifigigh shinsearacha ar fáil sa teanga (teangacha) inar tugadh iad.

Agus aird á tabhairt ar an gcineál oibre a dhéanann an Roinn, atá bunaithe den chuid is mó ar bheartas nach bhfuil soláthar seirbhísí don phobal i gcoitinne i gceist leis, is i mBéarla amháin atá formhór na gcáipéisí a chuireann an Roinn ar fáil. Cuimsíonn sé seo doiciméid shainiúla nó theicniúla a tháirgeann an Roinn nach bhfuil dírithe ar an phobal i gcoitinne, ar a n-áirítear iarratais ar cháipéisíocht tairisceana, foirmeacha iarratais móra agus mionsonraithe, ciorcláin agus treoirleabhair inmheánacha.

Tá Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí (CSAP) agus Cairt Chustaiméirí, curtha ar fáil ag an Roinn don tréimhse 2013-2015 ar aghaidh. Léiríonn an chairt nua prionsabail Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus cinntítear ar an mbealach sin go ndéantar éascú do dhaoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

3.2 Socrúchán Foirne

Chomh maith leis na poist Ghaeilge ainmnithe atá liostaithe i gCaibidil 5, lena chinntiú go bhfuil fáil ar linn de chainteoirí Gaeilge ar bhonn leanúnach, leanfaidh an Roinn :-

- Le measúnú a dhéanamh ar líofacht Ghaeilge na foirne nua atá ag teacht isteach sa Roinn;
- Le hoibrithe deonacha breise a lorg le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil.

3.3 Oiliúint agus Forbairt

Tá an tAonad Oiliúna agus Forbartha tiomanta oiliúint a chur ar fáil don fhoireann go léir de réir an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) chun feabhas a chur ar fhorbairt ghinearálta na foirne laistigh den Roinn. Chun feabhas a chur ar ár seirbhísí trí Ghaeilge, leanfaimid le:-

- Fógraíocht a dhéanamh ar gach cúrsa Gaeilge atá ar fáil don fhoireann;
- Cinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas gur féidir leis na cúrsaí Gaeilge a bheith mar chuid dá bplean forbartha agus oiliúna faoin PMDS;
- Measúnú a dhéanamh ar chúrsaí Gaeilge ar bhonn rialta chun a chinntiú cé chomh héifeachtach is atá siad ó thaobh freastal ar riachtanais na Roinne;
- Éascú foirne atá ag freastal ar ranganna Gaeilge, lena n-áirítear le linn uaireanta oibre;
- Modúil ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur san áireamh sa Chlár Ionduchtúcháin chun cur le feasacht.

3.4 Láithreán Inlín

Cinnteoidh an Roinn go leanann an limistéar ainmnithe don Ghaeilge ar láithreán inlín na Roinne ag cuidiú leis an bhfoireann seirbhísí trí Ghaeilge a sheachadadh. Áireoidh an limistéar sin:

- Liosta d’aistritheoirí creidiúnaithe
- Ainmneacha na foirne atá ar fáil chun déileáil le ceisteanna trí mheán na Gaeilge
- Sampla de theachtaireachtaí ‘níl mé san oifig’ agus teachtaireachtaí glórphoist
- Cóipeanna d’Acht na dTeangacha Oifigiúla agus de Scéimeanna
- Naisc ar líne le láithreáin téarmaíochta Gaeilge aitheanta www.tearma.ie agus www.foclóir.ie

3.5 Logainmneacha Gaeltachta

Bainfidh an Roinn úsáid as leagan oifigiúil de logainmneacha Gaeltachta mar atá fógartha sna hOrduithe Logainmneacha Gaeltachta, de réir na reachtaíochta.

Caibidil 4: Feabhsú na Seirbhísí a chuirfear ar fáil sa dá theanga

4.1 Réamhrá

Is Roinn bheartais í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar gheall air sin, is é an tAire agus an tAire Stáit, an Rialtas agus an tOireachtas, agus Ranna Rialtais eile, foireann atá ag fónamh agus foireann na seirbhíse poiblí atá ar scor, an AE agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile chomh maith le comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe gnó agus earnála, fóraim agus institiúidí taighde, agus an pobal i gcoitinne príomhchustaiméirí na Roinne. Chomh maith leis sin, mar Roinn lárnach, ní féidir seachadadh a dhéanamh ar go leor dár gcuid aschur ach amháin i gcomhar nó i gcomhoibriú le Ranna, Oifigí agus comhlachtaí poiblí eile.

Ag glacadh le cineál na bhfeidhmeanna agus na hoibre atá idir lámha ag an Roinn, déileálann go leor dá cuid Rannáin go díreach le Ranna eile, Coimisiún an Aontais Eorpaigh, an tOireachtas, institiúidí airgeadais agus lena foireann féin. Is beag déileáil atá acu nó níl aon déileáil dhíreach acu ó lá go lá le daoine ón bpobal i gcoitinne.

4.2 Gnéithe maidir le hAcmhainní Daonna/Bearta le Láidriú a dhéanamh ar Eolas agus ar Líofacht na Gaeilge sa Roinn

Faoi láthair tá díreach os cionn 900 comhalta foirne sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is i dTithe an Rialtais, Sráid Mhuirfean Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 atá príomhoifig na Roinne.

Tá an Roinn tiomanta do chur leis na leibhéil eolais agus inniúlachta atá ann cheana ó thaobh na scileanna Gaeilge atá ar fáil laistigh den Roinn i láthair na huaire. Ar mhaithe leis an leibhéal saineolais ar an nGaeilge i measc na foirne a chinntiú, tugadh faoi shuirbhé ar an bhfoireann ag iarraidh orthu grádú a dhéanamh ar a n-ábaltacht an Ghaeilge a scríobh, a léamh agus a labhairt agus a léiriú an mbeadh siad sásta go gcuirfeadh na leibhéil eolais agus scileanna atá acu cheana féin ar a gcumas a bheith áirithe ar liosta teagmhála na Roinne (m.sh. an mbeadh ar a gcumas agus an mbeadh siad sásta glacadh le glaonna a sheoladh ar aghaidh chucu ó oibreoirí lasc-chláir nó ó oifig fháiltithe na Roinne). Cé go bhfuarthas líon mór freagraí ar an suirbhé, léirigh sé go soiléir go bhfuil an leibhéal líofachta

atá ann i láthair na huaire chun déileáil le saincheisteanna riaracháin agus teicniúla trí Ghaeilge sách teoranta.

Leanfaidh an Roinn le hoibrithe deonacha breise a lorg le seirbhísí Gaeilge a sholáthar ar fud na Roinne de réir mar a thagann forbairt ar chumas na Gaeilge. Le comhaontú na foirne, aithneofar iad ar bhealach oiriúnach ar liostaí teileafóin agus ar chairteacha eagraíochta.

4.3 Feabhsú na Seirbhísí a Sholáthraítear sa Dá Theanga

Bunaithe ar shuirbhéanna custaiméirí, léirigh fardal foirne maidir le héileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge ó chustaiméirí agus ó chuairteanna ar an láithreán gréasáin, áit a bhfuil leagan Béarla agus Gaeilge ar fáil ar an láithreán, go bhfuil éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ó chustaiméirí na Roinne an-íseal.

Ag súil le feabhas a chur ar leibhéal agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear don phobal araon sa dá theanga, cuirfidh an Roinn na bearta ginearálta agus sonracha seo a leanas i bhfeidhm faoi dheireadh na Scéime seo mura luaitear a mhalairt:

Bearta Ginearálta

Pointí teagmhála leis an bPobal

Is í an fhoireann fháiltithe/lasc-chláir an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Is é polasaí na Roinne a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm cleachtas caighdeánach Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) sa réimse seo, ionas go mbeidh, ag tús na scéime:

- Oiliúint á chur ar fhoireann fháiltithe/ Iasc-chláir le hainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge;
- Foireann fháiltithe/Iasc-chláir ar an eolas maidir le beannachtaí bunúsacha i nGaeilge;
- Socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas go mbeidh ar a gcumas daoine ón bpobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil a chur ar fáil trí Ghaeilge.

- An fhoireann atá toilteanach déileáil le fiosruithe teileafóin i nGaeilge á n-aithint trí ‘G’ a chur ar na liostaí teileafóin a chuirtear ar fáil don fháilteoir agus d'oibreoirí lasc-chláir. Go n-aistreoidh oibreoirí lasc-chláir nó an fáilteoir glaonna a thagann isteach i nGaeilge chuig cainteoir Gaeilge sa rannán ábhartha.
- Soláthar fógraí réamhthaifeadta béil teileafóin a thabharfar isteach, i nGaeilge agus i mBéarla de réir na reachtaíochta
- Cead ag baill aonair den fhoireann fógra glórphoist teileafóin a fhágáil sa teanga (teangacha) is rogha leo.

Foilseacháin

Comhlíonfaidh an Roinn Alt 10 den Acht a cheanglaíonn Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cuntais Iniúchta nó Ráitis Airgeadais agus aon doiciméid eile a leagann amach tograí beartais a bheidh le foilsiú ag an Roinn i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.

- Cuirfear foilseacháin a chuireann comhlachtaí eile ar fáil ach atá ar fáil ón Roinn, ar fáil sa teanga inar fhoilsigh Roinn/comhlacht a nginte iad.

- Cuirfear Iarratais ar Thairiscint ar fáil i mBéarla mura mbaineann an tairiscint féin le saincheist Ghaeilge.

An Phreasoifig

Eisítear preaseisiúintí i mBéarla faoi láthair. Eiseoidh an Roinn, le linn shaolré na scéime, 10% dár bpreaseisiúintí sa dá theanga, go comhuaineach. Chomh maith leis sin, eiseoidh an Roinn seo 10% eile dár bpreaseisiúintí go dátheangach ach ní gá go dtarlódh sé go comhuaineach. Scaipfear preaseisiúint Ghaeilge ar na meáin Ghaeilge. Cuirfear naisc le preaseisiúintí Gaeilge ar fáil ar Twitter freisin.

Cinnteoidh an Phreasoifig, faoi dheireadh na scéime seo:

- go ndéanfar logáil ar gach litir, glao teileafóin agus aon fhiosruithe/iarratais ar eolas a fhaightear i nGaeilge ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge.

- Leanfaimid le beartas na Roinne atá ann cheana, 'sé sin go bhfreagrófar go pras i nGaeilge comhfhreagras den sórt sin, i gcomhlíonadh Alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Óráidí agus Ráitis

Leanfar le hóráidí nó ráitis, lena n-áirítear iad siúd a thugann an tAire agus an tAire Stáit, a chur ar fáil sa teanga (teangacha) inar tugadh iad.

Láithreáin Ghréasáin

Leanfaidh an Roinn ag obair de réir a chéile i dtreo:

- Leanfaidh an Roinn le feabhas a chur ar a láithreán gréasáin thar chúrsa shaolré na Scéime ag cur ar a laghad 25% d'ábhar statach an láithreáin ghréasáin ar fáil i nGaeilge. Leanfar le "Leathanach Baile" agus "Leathanach Maidir Linne" na Roinne a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus cuirfear leathanaigh bhreise ar fáil i nGaeilge thar chreat ama na Scéime.

- Foilseacháin a chuirfear ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

- A chinntiú go gcuirfear ar fáil sa dá theanga, 25% ar a laghad den ábhar statach ar gach láithreán gréasán atá á fhorbairt aici, seachas i gcásanna gur de chineál teicniúil na láithreáin ghréasáin seo agus nach bhfuil siad dírithe ar an bpobal i gcoitinne.

- Go bhfuil córais bogearraí agus ríomhaireachta nua a ndéanann an Roinn forbairt orthu nó a dhéantar a fhorbairt thar a ceann, a éilíonn eolas a chur isteach i ndáil le daoine ón bpobal, mar shampla ainmneacha agus seoltaí, ag cloí leis an nGaeilge.

- Leanfaidh an Roinn le feabhas a chur ar a láithreán gréasáin thar chúrsa shaolré na Scéime. Leanfar le "Leathanach Baile" agus "Leathanach Maidir Linne" na Roinne a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus cuirfear leathanaigh bhreise ar fáil i nGaeilge thar chreat ama na Scéime.

- Is ionann eolas@per.ie agus seoladh ríomhphoist cineálach le haghaidh ceisteanna i nGaeilge agus leanfar ag déileáil le fiosrúcháin chuig an seoladh ríomhphoist seo i nGaeilge de réir na gcaighdeán seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí atá ann faoi láthair.

Seirbhísí sa Dá Theanga

- De ghnáth ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí go díreach don phobal. Dá bhrí sin, leanfar le socruithe lena chinntiú sa chás nach bhfuil comhalta foirne le líofacht Ghaeilge ar fáil i Rannáin, nó sa chás nach bhfuil duine den sórt sin ar fáil, go soláthróidh comhalta foirne ainmnithe ó Rannán eile an tseirbhís trí Ghaeilge nuair is gá. Leanfar leis na socruithe sin le linn shaolré na scéime seo.

- Cuirfear san áireamh an ráiteas "Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge" ar stáiseanóireacht nua go léir na Roinne.

Caibidil 5: Poist Ghaeilge Ainmnithe

Aithneoidh an Roinn faoi dheireadh bhliain a haon den scéim, agus aird á tabhairt ar bheartas Rialtais le haghaidh soláthar feabhsaithe seirbhísí trí Ghaeilge, poist a mbeidh líofacht Ghaeilge mar bhunriachtanas leo. Déanfar gach uile iarracht leis na poist sin a

líonadh faoi dheireadh na scéime seo agus aird á tabhairt ar bheartais earcaíochta, ardú céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuirfidh sé sin ar chumas na Roinne seo tosaíocht a thabhairt d'fheabhsúchán incriminteach seirbhísí trí Ghaeilge ar bhealach atá níos straitéisí.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Coinneoidh Grúpa na Bainistíochta Sinsearaí laistigh den Roinn seo feidhmiú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú.

Tabharfaidh bainisteoirí líne go príomha faoi mhonatóireacht ó lá go lá i ngach aon Rannán líne atá freagrach as feidhmiú na scéime laistigh dá limistéir féin agus tuairisceoidh dá Rúnaí Cúnta ar bhonn rialta.

Caibidil 7: Poiblíocht a thabhairt don Scéim

Déantar ábhar na scéime seo a chur in iúl don phobal i gcoitinne trí na modhanna seo a leanas:-

- foilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne
- scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí.

Chomh maith leis sin, tapóimid gach uile dheis inár n-idirghníomhaíocht ó lá go lá le custaiméirí leis na seirbhísí atá á soláthar trí na bealaí seo a leanas a chur chun cinn agus poiblíocht a thabhairt dóibh:

- trí chustaiméirí a chur ar an eolas ar bhonn forghníomhach maidir leis an rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a thaispeáint i nGaeilge i limistéir fáilte a léiríonn go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil;

- trína chur in iúl ar threoirlínte, bileoga roghnaithe go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad curtha ar fáil sa dá theanga;

- trí chomhstádas a thabhairt d’ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Is é an leagan Béarla an leagan oifigiúil den scéim seo.

Seolfar cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.